# Labhraimís faoi **Bhruscar**

Scoileanna-Glasa

An Taisce

Agus iniúchadh dramhaíola a dhéanamh agaibh sa scoil, is é an aidhm ná fáil amach an bhfuil deiseanna ann bhur gcuid dramhaíola a laghdú a thuilleadh. Is é an bealach is fearr chun tabhairt faoi seo ná an cineál dramhaíola a ghineann sibh a fhiosrú agus ansin an dramhaíl a mheá sibh féin. Ach, b'fhéidir nach mbeadh sé seo indéanta i gcónaí agus seans go mbeidh oraibh meastachán a dhéanamh ar an méid dramhaíola atá sna málaí bruscair nó san araid rothaí. Tá treoir áisiúil cruthaithe againn daoibh ionas gur féidir libh a thomhas cé mhéad dramhaíola atá á ghiniúint agaibh agus, níos fearr fós, conas a d'fhéadfá an dramhaíl seo a laghdú. Chomh maith leis sin, mar a fheiceann sibh, táimid ag roinnt seicliosta áisiúil libh ionas gur féidir libh a sheiceáil cén cineál dramhaíola a ghintear fiú sula dtéann sé sa bhosca bruscair nó sa bhosca lóin sula dtugann sibh abhaile é.

Ádh mór le bhur gcuid oibre!

## CAD FAOI MURA BHFUIL SIBH IN ANN BHUR NDRAMHAÍL LÍONADH TALÚN A MHEÁ?

Seo a leanas roinnt tiontaithe is féidir libh a úsáid le cur isteach ar bhur bhfoirm iarratais ag deireadh na bliana

**240 ltr Araid** = 30 KG

**140 ltr Araid** =20 KG

**80 ltr Mála bruscair** = 18 KG

**40 ltr Mála bruscair** = 9 KG

### Tá múirín nó dramhaíl orgánach níos troime, is féidir leat na rátaí tiontaithe seo a chur i bhfeidhm:

**140 ltr Araid** =58 KG

**40 ltr Mála bruscair** =17 KG

**80 ltr Mála bruscair** =34 KG

### Tá ábhair in-athchúrsáilte an-athraitheach ach leis seo tá roinnt rátaí tiontaithe ginearálta:

**1100 ltr Araid** =60 KG

**240 ltr Araid** =16 KG

**80 ltr Mála bruscair** =5 KG

**40 ltr Mála bruscair** =2.5 KG




Tabhair amach na scálaí! Seiceáil meáchan le duine agaibh ar dtús. Téigh as na scálaí, faigh an mála bruscair agus ansin iarr ar an duine sin iad féin a mheá arís leis an mála ina láimh. Breac síos an meachán nua agus dealaigh ón meáchan coirp é...agus díreach mar sin...tá fhios agaibh anois meáchan na dramhaíola a bhailigh sibh!

Mar shampla, abraimís go meánn an duine sin 45 kg. Nuair a théann siad ar ais ar na scálaí leis an mála, meánn siad 54kg. Is é bhur gcothromóid mar sin ná 54kg – 45 kg= 9kg. Dá bhrí sin, is é meáchan bhur gcuid dramhaíola ná 9 Kg!


Mura bhfuil scálaí móra agaibh, is féidir libh scálaí bagáiste a úsáid ina ionad. Go n-éirí libh!

Mar go bhfuil barúil agaibh anois faoi cé chomh mór is atá bhur ndramhaíl, tá sibh in ann deiseanna a aimsiú chun bhur gcuid dramhaíola a laghdú. Is é an bealach is fearr chun é seo a dhéanamh ná tuiscint a bheith agaibh ar an gcineál dramhaíola a ghineann sibh. D'fhéadfadh trí bhosca difriúla a bheith agaibh sa seomra ranga:

1.Araid Athchúrsála 

2.Bosca bruscair 

3.Araid múirín 




D'fhéadfadh sé a bheith deacair do bhosca bruscair a fholmhú le breathnú ar an gcineál dramhaíola atá ann. Mar sin, féach ar na seicliostaí atá cruthaithe againn chun cabhrú libh leis an bpróiseas seo. Seiceáil an dramhaíl atá á chur agaibh sna boscaí bruscair ranga agus b'fhéidir fiú an dramhaíl atá i bhur mbosca lóin sula dtéann sibh abhaile.Tabharfaidh sé seo barúil daoibh ar an gcineál dramhaíola atá á ghiniúint agaibh agus cabhróidh sé libh teacht ar bhealaí chun é a laghdú.

Seicliosta:

# Dramhaíl a chuirtear chuig Líonadh Talún

Déan taifead ar a bhfuil istigh sa bhosca bruscair gan bhur lámha a shlalú! Priontáil amach an seicliosta seo agus greamaigh é in aice le bhur mbosca bruscair. Dathaigh cearnóg amháin do gach rud a chuireann sibh isteach sa bhoscar bruscair. Cruthóidh sé seo graf ionas gur féidir libh an cineál dramhaíola atá agaibh a fheiceáil go soiléir agus cad iad na rudaí is mó ar féidir libh a laghdú.

Dáta tosaigh don mhála bruscair seo:________________________ Dáta deiridh don mhála bruscair seo:_________________________

Tá an bosca bruscair seo le haghaidh dramhaíl nach féidir linn a athúsáid, a athchúrsáil nó a mhúiríniú. Críochnaíonn an bruscar suas i líonta talún (curtha sa thalamh) nó sa loisceoir (dóite ag teochtaí arda). Cuirtear plaistigh bhog, táirgí déanta as "ábhair chumaiscthe" (m.sh. cupán aon uaire déanta as meascán de pháipéar agus de phlaisteach nach féidir a dheighilt) agus scragall stáin atá salach ar fad sa bhosca bruscair.

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ciarsúr páipéir | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cumhdach | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Seanmharcóirí | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Paicéad criospaí/ grán rósta | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Sceanra plaisteach | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Scragall stáin (salach) | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Scannán cumhdaithe | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Lámhainní plaisteacha | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Masc aon uaire | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Soip | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cupán aon uaire | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Paicéid folmha 'Frubes' | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | |

## Ach Cad Faoi....?

Éadach agus fabraic- cur chuig banc éadaí ar nós 'Clothes Pod' (www.clothespod.ie), siopa catharnachta, cruthaigh rud éigin nua nó eagraigh Siopa Babhtála/ 'Swap Shop'.
Cadhnraí agus fearais- féach ar 'WEEE Recycle' le haghaidh a n-áiseanna athchúrsála do thairgí leictreonaice (www.weeeireland.ie )
Gloine- tabhair go dtí an banc buidéal is gaire daoibh é Troscán agus earraí móra eile- téigh chuig
https://www.mywaste.ie/what-to-do-with-my-large-items/ chun leideanna agus breis eolais a fháil.

Seicliosta:

# DRAMHAÍL IN-ATHCHÚRSÁILTE

Is éard atá i gceist leis an athchúrsáil ná dramhaíl a iompú ina rud ar féidir a athúsáid.Tá sé i bhfad níos fearr ná dramhaíl a chur chuig líonadh talún ach fós úsáideann sé go leor fuinnimh - mar sin athúsáid nuair is féidir libh! Cuimhnigh, ní mór d’ábhair in-athchúrsáilte a bheith glan agus tirim roimh dul isteach sa bhosca athchúrsála. Ó Mheán Fómhair 2021, is féidir plaistigh bhog cosúil le cumhdaigh a chur sa bhosca athchúrsála- fad is atá siad glan, tirim agus scaoilte.

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Buidéal plaisteach | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fuíollpháipéar | | | | | | | | | | | | | | | |
| Pota iógairt glan | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cartán bainne glan | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cartán sú glan | | | | | | | | | | | | | | | |
| Sorcóir rollaí páipéar leithris | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cairtpháipéar/cairtchlár | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cannaí stáin(canna tuinnín) | | | | | | | | | | | | | | | |
| Sceanra Plaisteach | | | | | | | | | | | | | | | |
| Pacáistiú plaisteach docht | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cannaí dí | | | | | | | | | | | | | | | |
| Scragall stáin (glan) | | | | | | | | | | | | | | | |
| Mála plaisteach glan | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |

Thosaigh an Scéim Éarlaise agus Aisíoca ar an 1 Feabhra 2024.
Cuirtear costas an éarlais go huathoibríoch le costas an dí.
Is féidir leat an éarlais a éileamh ar ais trí do choimeádáin a sheoladh ar ais fad is go bhfuil lógó Athiompaithe orthu. Nuair a cheanaíonn tú deoch i gcoimeádáin ar nós buidéil, cannaí agus stáin déanta as plaisteach, alúmanam nó cruach agus an lógó orthu, gearrfar éarlais inaisíoctha beag ort. Beidh tú in ann an tobhach a éileamh ar ais  trí do choimeádáin folamh agus gan damáiste a thabhairt chuig siopaí/ollmhargaí atá rannpháirteach sa scéim. https://re-turn.ie/

Scoileanna-Glasa
An Taisce

Seicliosta:

# ARAID MÚIRÍN

Is gnách go dtéann táirgí plandaí nó ainmhithe ar bith san araid múirín, áit a mbristear síos de réir próisis nádúrtha agus is féidir iad a úsáid chun an ithir a shaibhriú. Ná cuir plaistigh, miotail nó gloine riamh san araid múirín.

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Croí úill | | | | | | | | | | | | | | | |
| Craiceann banana | | | | | | | | | | | | | | | |
| Craiceann oráiste | | | | | | | | | | | | | | | |
| Torthaí eile | | | | | | | | | | | | | | | |
| Scamhacháin peann luaidhe | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fuílleach bia ón lón | | | | | | | | | | | | | | | |
| Blaosc uibhe | | | | | | | | | | | | | | | |
| Rolla cistine | | | | | | | | | | | | | | | |
| Málaí tae agus caife | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cupán inmhúirínithe** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Táirgí 'Vegware'** | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | |

* Tá beagán plaisteach i go leor málaí tae; chun é seo a sheachaint, roghnaigh brandaí atá éiceabhách nó níos simplí fós, bain úsáid as cnámhóga tae in ionad málaí tae.

** B'fhéidir go bhfuil cupáin inmhúirínithe agus Vegware cosúil le gnáthchupáin agus sceanra ach tá siad déanta as gránphlúr agus táirgí plandaí eile. Seiceáil an lipéad mura bhfuil sibh cinnte ar earraí plaisteacha nó 'Vegware' iad. Más vegware atá ann ba chóir iad a chur isteach san araid múirín – ach sin amháin má théann an araid múirín chuig múiríneoir tionsclaíoch; faraor ní bhriseann na táirgí seo síos i bhur múirín gairdín- agus is é sin an fáth go mbíonn ábhar in-athchúrsáilte i gcónaí níos fearr don chomhshaol ná ábhair aonúsáide!